North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 3 (12) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA CATT, ARD MHACHA

# 12 NOLLAIG 2012

# CHOMHRÁITEAS

1. Tionóladh an séú cruinniú dhéag d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha ar an 12 Nollaig 2012. D'fhreastail Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus an tAire Sóisearach in OCALCA Jonathan Bell MLA ar an gcruinniú. Rinne an tAire Stáit Mac Fhionnlaoich cathaoirleacht ar an gcruinniú.

2. Rinneadh plé ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Gníomhaireacht na hUltaise (Tha Boord o Ulstèr-Scotch) agus Foras na Gaeilge.

## RÁITEAS TOSAIGH

3. Ag aithint an riachtanas atá le hathrú san earnáil, phléigh na hAirí athbhreithniú Fhoras na Gaeilge ar an mbunmhaoiniú a bheidh mar ábhar plé ag an gcéad chruinniú eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga in 2013.

## TUARASCÁIL AN FHORAIS TEANGA AR DHUL CHUN CINN

4. Nótáil an Chomhairle tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaireacht na hUltaise agus Fhoras na Gaeilge ina raibh na héachtaí seo a leanas:

**Gníomhaireacht na hUltaise**

- Dul chun cinn phríomhchlár na hUltaise do bhunscoileanna, lena n-áirítear comhaontú le scoileanna ar rannpháirtíocht agus eagrú na chéad chomhdhála do mhúinteoirí;
- Soláthar sé chomhdháil déag chun aird a dhíriú ar chláir a mhaoiníonn an Ghníomhaireacht i ndáil le maoiniú d'fhéilte, scoileanna samhraidh agus teagasc ceoil/damhsa;
- Bunú Fhóram Teanga na hUltaise le hionadaíocht ó ghrúpaí teanga, ón nGrúpa Comhairleach Aireachta ar an Ultais (MAGUS), ó Ollscoil Uladh agus ó BBC Thuaisceart Éireann; agus
- Cur i gcrích an athbhreithnithe straitéisigh ar Scéim na nOibrithe Pobail.

**Foras na Gaeilge**

- Maoiniú do sholáthar sainchúrsaí don tseirbhís phoiblí le os cionn 1,200 rannpháirtí ag freastal ar ranganna oíche agus os cionn 2,200 rannpháirtí ag glacadh páirte i bhfoghlaim ar líne;
- Cur chun cinn na teanga i measc daoine óga trí mhaoiniú de bheagnach €500,000 do 66 campa samhraidh agus 77 imeacht don óige;
- Forbairt bhreise ar an mbunachar téarmaíochta le 1,460 téarma nua curtha leis agus athbhreithniú ar 120 téarma atá ann cheana; agus
- Cur chun cinn úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs gnó in earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide le tacaíocht de mhaoiniú meaitseála curtha ar fáil do 125 gnóthas.

5. Nótáil na hAirí freisin an comhoibriú leanúnach idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge maidir le saincheisteanna rialachais agus cur chun cinn obair an Fhorais Teanga, lena n-áirítear athbhreithniú ar an Scéim Comhionannais, rannpháirtíocht in imeachtaí comhthaispeántais agus in urraíocht ar leabhar Gaeilge faoi Robbie Burns.

## PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2012

6. Nótáil an Chomhairle gur chuir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise na sábháiltí éifeachtachta i bhfeidhm ar bhuiséid 2012 i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh na Ranna Airgeadais agus go dtabharfar na Pleananna Gnó agus Buiséid 2012 chuig cruinniú CATT le faomhadh chomh luath agus is féidir.

## CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA

7. Nótáil na hAirí gur cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga do 2008 agus 2009 faoi bhráid an Chomhthionóil agus Thithe an Oireachtais ar an 11 Iúil 2012 agus ar an 7 Nollaig 2012 faoi seach. Thug an Chomhairle treoir freisin d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise foilsiú chuntais an Fhorais Teanga do 2010, 2011 agus 2012 a chur san áireamh mar phríomhthosaíocht ina bpleananna gnó do 2013.

## PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2013

8. Nótáil an Chomhairle go bhfuil dréacht-Phleananna Gnó 2013 d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise ullmhaithe agus an bhéim iontu ar chur i gcrích na bpríomhthosaíochtaí don dá Ghníomhaireacht. Comhoibreoidh na Ranna Urraíochta le chéile chun bailchríoch a chur ar Phleananna Gnó agus Buiséid 2013, agus tar éis iad a bheith faofa ag na Ranna Urraíochta agus na hAirí Airgeadais, tabharfaidh siad na Comhphleananna Gnó agus na Comhbhuiséid chun cinn i gcomhair a bhfaofa ag cruinniú CATT amach anseo.

## TIONSCADAL HAIRTLAN GHNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE

9. Nótáil na hAirí cur i láthair a rinne Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na hUltaise, ag tabhairt cuntas ar an obair atá ar bun ag an nGníomhaireacht agus ag páirtithe leasmhara eile chun tionscnamh Hairtlan a chur chun cinn. Mar chuid de sin, bunaíodh Painéal Comhairleach Hairtlan agus rinneadh forbairt ar shruth maoinithe chun tacú leis an tionscadal. Nótáil an Chomhairle freisin an t-amchlár chun an scéim a sheoladh in 2013 chun go bhféadfar tús a chur le soláthar an chláir in 2014.

## FORAS NA GAEILGE – CAIGHDEÁN OIFIGIÚIL NA GAEILGE

10. Nótáil na hAirí forálacha Bhille Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2012 maidir le foilsiú agus athbhreithniú tréimhsiúil Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge. Tá sé seo le húsáid in aistriú na reachtaíochta príomha agus tánaistí uile san Oireachtas agus mar threoir do scríobh na Gaeilge. Tógfaidh Foras na Gaeilge an gníomh cuí, de réir mar a theastaíonn, chun cloí le Caighdeán Oifigiúil na Gaeilge i gcur i gcrích a chuid feidhmeanna maidir le téarmaíocht agus foilseacháin.

## DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

11. D'aontaigh an Chomhairle dáta oiriúnach a bhreithniú don gcéad chruinniú eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga.

**An Chomhrúnaíocht**
**12 Nollaig 2012**
**www.northsouthministerialcouncil.org**